# Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta in 2024

## Treoracha agus Foirm Iarratais

---

*Ag tacú le forbairt na turasóireachta*

---

# CUID A - Treoracha

## 1. Cad é is cuspóir leis an Mhaoiniú le haghaidh Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta i nDún na nGall?

Is é is príomhchuspóir leis an Chiste ná tacaíocht a sholáthar dóibh siúd atá ag reáchtáil imeachtaí, gníomhaíochtaí agus tograí go háitiúil agus sa phobal, a chuirfidh borradh faoin turasóireacht anseo agus a chuideoidh leis an eispéireas a bheas ag cuairteoirí a fheabhsú trí chinn scríbe i nDún na nGall a bheochan.

Tá sé mar aidhm ag an Chlár na bhFéilte Réigiúnacha ann ná tacaíocht a sholáthar do Féilte Réigiunacha agus Imeachtaí Rannphartaíochta, a chuirfidh borradh faoin turasóireacht anseo agus a chuideoidh leis an eispéireas a bheas ag cuairteoirí a fheabhsú.

Is iad na príomhchuspóirí ann ná:

- Cuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhealladh chuig an cheantar san idirshéasúr.
- Le cur le líon na n-oícheanta leapa agus go bhfuil buntáiste ann don gheilleagar áitiúil.
- Aird a dhíriú go hidirnáisiúnta ar an cheantar.

## 2. Cá mhéad atá ar fáil ón Chiste?

Tá suim iomlán €49,750 tugtha ag Fáilte Éireann do Chomhairle Contae Dhún na nGall chun tacú le himeachtaí a bheas ar siúl in 2024.

Is idir €500 agus €4,000 an ghnáthmhéid a bhronnfar. I gcásanna ar leith d'fhéadfadh Comhairle Contae an deontas a mhéadú nó a laghdú.

## 3. Cad iad na Coinníollacha Cáilithe agus Na Riachtanais is lú chun bheith in ann cur isteach?

Le bheith curtha san áireamh fá choinne maoiniú a fháil, caithfidh iarratasóirí a bheith in ann an méid seo a leanas a thaispeáint:

- Ba cheart go gcuideodh an fhéile/imeacht le cuairteoirí, idir intíre agus idirnáisiúnta, a mhealladh go Co. Dhún na nGall.
- Go bhfuil ar a laghad €8,000 á chaitheamh ar an togra.

## 4. Cé air a bhfuil an maoiniú dírithe?

Tá an Clár Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta dírithe ar fhéilte agus ar imeachtaí rannpháirtíochta atá bainteach le ceann de na catagóirí seo a leanas:

- Féilte ginearálta a reáchtáiltear i gContae Dhún na nGall (i.e. litríocht, stair, cultúr traidisiúnta nó teaghlach-dhírithe).
- Ealaíona, Ceol agus Drámaíocht.
- Bia agus Deoch.
- Spóirt agus Imeachtaí amuigh faoin spéir.
- Gnó agus Oideachas.

**Níl** féilte agus imeachtaí rannpháirtíochta den chineál seo a leanas i dteideal cur isteach ar an chiste maoinithe seo:

- Imeachtaí iomlán tráchtála nach meallfaidh mórán turasóirí.
- Seónna talmhaíochta agus aontaí tuaithe nach meallfaidh mórán turasóirí.
- Imeachtaí spóirt a mbíonn lucht féachana i láthair acu.
- Sorcais agus carnabhail.
- Aontaí agus margaí Nollag.
- Imeachtaí Reiligiúnacha.
- Gníomhaíochtaí agus Paráidí a bhaineann le Lá Fhéile Pádraig.

## 5. Cad iad na rudaí a chaithfidh iarratasóirí a dhéanamh go maith?

- Cuidiú le dea-chuimhní a chruthú do chuairteoirí, trí bheocht agus dath a chur leis an cheantar.
- Beidh clár na féile nó clár an imeachta cuimsitheach agus deartha go gairmiúil agus spreagúil don chuairteoir.
- Go bhfuil plean gnó soiléir ullmhaithe ina bhfuil buiséad iomlán leagtha amach maidir le hioncam agus caiteachas, chomh maith le plean cuimsitheach margaíochta agus poiblíochta.
- Nuair is féidir, an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun tionchar níos forleithne a imirt.
- Gur léir ó phróifíl an lucht eagraithe go bhfuil siad fóirsteanach agus cumasach go leor leis an fhéile/ócáid bheartaithe a bhainistiú.
- Ní mór dóibh siúd a gheobhaidh deontas a bheith ar fáil chun tuairisc a thabhairt do Rannóg Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall roimh ré maidir leis an ócáid sa dóigh gur féidir an t-eolas sin a scaipeadh ar na meáin shóisialta éagsúla.

## 6. Cé atá i dteideal cur iseach ar an mhaoiniú?

Neamhthráchtála Grúpaí, comhlachtaí agus daoine aonaracha a bhfuil seoladh gnó acu i nDún na nGall, chomh maith **le hUimhir Rochtana Imréitigh Cánach i bPoblacht na hÉireann.**

Ní hionann na critéir cháilithe is lú a bheith comhlíonta agaibh agus aon chinnteacht go mbronnfar deontas. Tá an ciste teoranta, agus déanfar iarratais cháilithe a mheas ar bhonn

comórtais. Tá sé de cheart ag Comhairle Contae Dhún na nGall gan tacaíocht a thabhairt d'fhéilte/imeachtaí ar tugadh maoiniú dóibh sna blianta roimhe seo.

## 7. Cad iad na rudaí ar féidir maoiniú a fháil dóibh?

Costais **Cháilithe**

Seo a leanas costais cháilithe ar féidir maoiniú a fháil fána gcoinne faoin scéim:

- **Gníomhartha Margaíochta**: costais maidir le gníomhartha margaíochta a bhfuil tionchar réigiúnach agus náisiúnta acu. D'fhéadfadh fógraíocht, caidrimh phoiblí, margaíocht dhigiteach agus gníomhartha den chineál sin a bheith i gceist anseo. D'fhéadfadh costais a bhaineann le suíomh-bhrandáil na háite le linn na hócáide a bheith i dteideal maoiniú chomh maith.
- **Clársceidealú Imeachtaí/Gníomhaíochta a bhaineann leis an Fhéile/Ócáid Rannpháirtíochta**: Airgead a chaitear ar ghnéithe nach bhfuair deontas ó chomhlachtaí poiblí eile (e.g. Fáilte Éireann) agus a mheastar buntáistí suntasacha a bheith leo ó thaobh na turasóireachta de.
- **Gníomhaíochtaí Forbartha**: Mar shampla, d'fhéadfaí staidéir féidearthachta, oiliúint agus gníomhaíochtaí comhairleoireachta brandála a bheith san áireamh nuair is léir go bhfuil buntáiste fadtéarmach ann agus/nó má ardaíonn sé próifíl na féile nó na hócáide rannpháirtí. Má bhíonn sé i gceist ag éinne a gheobhaidh deontas maoiniú a lorg le haghaidh Gníomhaíochtaí Forbartha caithfidh sin a bheith aontaithe roimh ré agus luaite sa Litir Thairisceana.
- **Féilte/Ócáidí Trasteorann**: Maidir leis seo, beidh ar iarratasóirí a thaispeáint go soiléir go bhfuil buntáiste turasóireachta ann do Phoblacht na hÉireann de bharr na féile nó na hócáide rannpháirtí.

Costais **Neamhcháiltithe**

Níl na costais seo a leanas incháilithe le haghaidh maoinithe:

- caiteachas nó iasachtaí neamhíoctha
- Costais fáilteachais i bhfoirm deochanna meisciúla.
- Caiteachas a íocann duine eile seachas an deontaí.
- Costais chaipitil mar shampla trealamh oifige, troscán, ceadanna, táillí dlí.
- Go ginearálta, tá costas na n-ítimí le hathdhíol neamh-incháilithe
- Gníomhaíochtaí a bhí, nó atá, á maoiniú ag foinsí poiblí eile (ach amháin sa chás go bhfuil an socrú comh-mhaoinithe seo luaite agus ceadaithe go soiléir sa litir thairisceana).
- Costais taistil agus costais ghaolmhara (lena n-áirítear aon chostais bhreosla agus costais chóiríochta) a thabhaíonn nó a thabhaítear ar beha; f den fhoireann/d'eagraithe seachadta imeachtaí mura gceadaítear go sainráite é sa litir thairisceana.

- Gníomhaíochtaí a dhéanann dúbláil ar ghníomhaíochtaí atá ar bun ag Fáilte Éireann cheana féin.
- Gníomhaíochtaí nach mbaineann go díreach leis an fhéile nó leis an ócáid rannpháirtíochta, agus nach bhfuil riachtanach fána gcoinne.
- Gníomhaíochtaí a tharlaíonn taobh amuigh de na dátaí atá luaite go sonrach sa Litir Thairisceana.
- CBL in-aisghabhála.
- Ranníocaíochtaí comhchineáil.
- Fíneálacha, íocaíochtaí pionóis, costais dlí, táillí iniúchóireachta, táillí comhairleoireachta airgeadais.
- Táillí ballraíochta i gCumann Trádála nó a gcomhionann.
- Caiteachas airgid, lena n-áirítear airgead duaise
- Costais oibríochtúla / forchostais / costais riaracháin, mar shampla: tuarastail, cíos, guthán, soláthairtí oifigí, post, fótachóipeáil agus préimheanna árachais bliantúla (d’fhéadfaí costais árachais atá bainteach go díreach le laethanta na féile / an imeachta a chur san áireamh, ach bheadh gá le litir ón chomhlacht árachais ag deimhniú go mbaineann an caiteachas árachais go sonrach leis an imeacht).
- Bia, cóiríocht agus cothabháil d'fhoireann seachadta na féile, costais fáilteachais i bhfoirm deochanna alcólacha

Ní mór do gach iarratasóir a thuigbheáil go gcaithfidh na doiciméid atá de dhíth don deontas atá bronnta, a bhfuil ina measc Uimhir Rochtana reatha um Réiteach Cánach, ráitis bhainc agus doiciméid éilimh, go gcaithfidh sin a bheith in ainm an deontaí. Tá aon íocaíochtaí airgid a dhéantar neamh-incháilithe le haghaidh aisíoc deontais.

## 8. Cad iad na Critéir Mheastóireachta?

Na hiarratais sin a chomhlíonann na coinníollacha cáilithe, déanfar iad a mheas faoi **cheithre** cinn de chritéir mheastóireachta:

| Critéir | Marcanna |
|---|---|
| **Clár na Féile - Caighdeán & Uaillmhian na Féile / Imeacht Rannpháirteach**<br>*An dtógann an fhéile / imeacht rannpháirteach eispéiris chuairteoirí i gcuimhne agus an bhfreagraíonn siad do riachtanas na gcuairteoirí? An méadaíonn sé feasacht ar an gceantar? An gcuireann sé leis an ngeilleagar áitiúil? An meallann sé cuairteoirí chuig an gceantar agus cuairteoirí a mhealladh chun fanacht sa cheantar?* | 30 |
| **Margaíocht (lena n-áirítear Margaíocht Dhigiteach)**<br>*Cén chaoi a gcuirfear an fhéile/imeacht rannpháirtíochta ar an margadh chun suim a chothú san imeacht, agus b'fhéidir go ndíolfar le turasóirí í? An gcuirfear an fhéile/imeacht rannpháirteach i láthair* | 30 |

| | |
|---|---|
| *ar líne agus an mbainfear úsáid as bealaí margaíochta digití/meán sóisialta chun suim a mhúscailt i measc turasóirí?*<br>*An gcuirfear an fhéile/imeacht rannpháirteach chun cinn go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta, laistigh de Thuaisceart Éireann agus Thar Lear?* | |
| **Tionchar Turasóireachta lena n-áirítear Plean Bainistíochta Comhshaoil agus Inbhuanaitheacht**<br>*An bhfuil sé de chumas ag an bhféile/imeacht rannpháirteach siamsaíocht a chur ar fáil do thurasóirí agus líon na gcuairteoirí a mhéadú go dtí an ceantar óstach tríd an séasúr a leathnú agus turasóirí a scaipeadh lasmuigh den chroíshuíomh (nuair is féidir)? An mbeidh comhoibriú ann leis an bpobal áitiúil agus le heagraíochtaí/comhpháirtithe eile chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht áitiúil agus cuairteoirí na féile/na hócáide, rud a chuirfidh leis an am a chaitheann tú sa cheantar? An bhfuil plean bainistíochta dramhaíola i bhfeidhm ag an bhféile/imeacht agus an inbhuanaitheacht a léiriú.* | 30 |
| **Foireann Seachadta**<br>*Déanfar meastóireacht ar thaithí agus ar chumas na n-eagraithe lena chinntiú go ndéantar an t-imeacht a bhainistiú agus a sheachadadh go héifeachtach.*<br>*Déanfar athbhreithniú freisin ar inbhuanaitheacht airgeadais na féile/na hócáide rannpháirtíoch.* | 30 |
| **Marcanna Iomlána** | **120** |

Úsáidfear na nithe seo a leanas chun iarratais a mheas:

- Clár imeachtaí féile agus rannpháirtíochta- Caithfidh ábhar agus dearadh ar ardchaighdeán a bheith san áireamh sa chlár agus cumas na hócáide a léiriú chun cuairteoirí a mhealladh, oícheanta leapa a ghiniúint; an geilleagar áitiúil a spreagadh agus eispéiris chuairteoirí i gcuimhne a thógáil.
- Comhoibriú- A mhéid a chomhoibríonn an fhéile/imeacht leis an bpobal áitiúil agus le heagraíochtaí/comhpháirtithe eile chun acmhainneacht áitiúil agus cuairteoirí na féile/na n-imeachtaí a uasmhéadú, lena n-áirítear méadú ar an am a chaitheann tú sa cheantar
- Margaíocht agus Cúrsaí Digiteacha- An bhfuil plean cuimsitheach margaíochta i bhfeidhm? Conas a dhéanfar margaíocht ar an bhféile/imeacht chun suim a mhúscailt agus cuairteoirí a mhealladh chuig an gceantar? Cad iad na bealaí margaíochta digití/meán sóisialta a úsáidfear?
- An Plean Bainistíochta Comhshaoil agus Inbhuanaitheacht - Cad iad na gníomhartha a dhéanfaidh an fhéile/ imeacht chun an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú (e.g. dramhaíl a chosc; úsáid fuinnimh/uisce a laghdú; plaistigh aon úsáide a íoslaghdú nó deireadh a chur leo.

Féach freisin an Rannóg Treoirlínte d'Fhéilte Inbhuanaithe Fháilte Éireann Fáilte Ireland Sustainable Festival Guidelines maidir le ''An Dúlra & Bithéagsúlacht' & sliocht thíos:

"De réir na reachtaíochta, tá gníomhaíochtaí sonracha ann a mbeidh toiliú ag teastáil uathu má dhéantar iad ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) nó gar dó. Tugtar 'láithreáin Eorpacha' nó 'láithreáin Natura 2000' ar SACanna agus SPAanna le chéile. Is féidir leat liosta agus léarscáil de na láithreáin seo a fháil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) "
Search Results | National Parks & Wildlife Service (npws.ie)

## 9. Cén dóigh a ndéanaim iarratas?

Ba chóir duit iarratas a dhéanamh go díreach chuig Comhairle Contae Dhún na nGall. Ní chuirfear aon iarratas san áireamh seachas iad siúd atá líonta isteach ar an fhoirm iarratais cheadaithe. Caithfidh tú an fhoirm iarratais chomhlánaithe a chur chuig: marioncallaghan@donegalcoco.ie

Is gá leagan sínithe den iarratas a scanadh agus ansin é a chur trí ríomhphost (le síniú cuí / sínithe cuí an lucht eagraithe). Is féidir leat doiciméid bhreise ghaolmhara a chur isteach isteach le d'iarratas comhlánaithe, de réir mar is cuí.

Is gá go mbeidh na hiarratais faighte in oifigí de chuid Chomhairle Contae Dhún na Gall faoin **23rd Mí Feabhra 2024.**

## 10. Cén dóigh a gcuirfear in iúl dom gur éirigh leis an iarratas?

Na hiarratasóirí sin a n-éireoidh leo, gheobhaidh 7an Litir Thairisceana. Beidh an litir seo ina conradh idir Comhairle Contae Dhún 7an Gall agus an lucht eagraithe, agus beidh gach coinníoll agus riachtanas leagtha amach ann.

Cuirfear liosta de na hiarratais a n-éireoidh 7an Ga shuíomh idirlín Chomhairle Contae Dhún 7an Gall, ag tabhairt an 7an Gall7 an 7an ar a mbeidh an ócáid ar siúl.

## 11. Aitheantas agus Buíochas

Nuair a gheobhaidh tú scéala gur éirigh le d'iarratas ar dheontas, caithfidh tú a chinntiú gur mar chuid den togra seo a dhéanfar d'ócáid a chur chun cinn, agus beidh treoracha cuí maidir leis seo istigh sa litir thairisceana.

## 12. An dóigh le hachomharc a dhéanamh

Más mian le hiarratasóir, nár éirigh lena n-iarratas, achomharc a dhéanamh maidir le cinneadh Chomhairle Contae Dhún 7anGall, caithfidh 7an sin a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 14 lá ón fhógra a fháil. Déanfar gach achomharc a mheas go cúramach. Níl cead ag iarratasóirí a n-éiríonn leo deontas a fháil achomharc a dhéanamh i dtaca le méid an deontais sin.

## 13. Coinníollacha a Theastaíonn chun Maoiniú Deontais a Tharraingt Anuas

I measc na gcáipéisí a theastaíonn le haghaidh aon deontais a bhronntar tá- Imréiteach Cánach agus Cuntas Bainc in ainm an deontaí. Ní féidir íocaíochtaí deontais a dhéanamh ach leis an deontaí.

Ní mór éilimh a chur isteach laistigh de 60 lá ón bhféile/imeacht a bheidh ar siúl agus tráth nach déanaí ná sin Dé hAoine 6 Nollaig 2024.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith san éileamh – foirm chomhlánaithe iar-imeachta-sonraisc íoctha a bhaineann leis an imeacht – cuntas bainc in ainm an deontaí a thaispeánann íocaíocht sonrasc. Chomh maith leis sin, caithfear grianghraif/gearradh preasa, clúdach ar na meáin shóisialta ar an bhféile/imeacht rannpháirteach a chur san áireamh

# CUID B – An Fhoirm Iarratais

**Maoiniú le haghaidh Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta i nDún an Gall**

## Roinn 1: An tIarratasóir agus Sonraí na Féile

| **1. Sonraí an Iarratasóra** | |
|---|---|
| ***Ainm an Iarratasóra / na hEagraíochta:*** | |
| ***Seoladh an Iarratasóra / na hEagraíochta:*** | |
| ***Eircód*** | |
| ***Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach*** | |
| *Stádas dleathach an Iarratasóra: (e.g. comhlacht teoranta, carthanas etc.)* | |

| **2. Sonraí an Duine Theagmhála** | |
|---|---|
| ***Ainm:*** | |
| ***Teideal:*** | |
| ***Seoladh Ríomhphoist:*** | |
| ***Uimhir Ghutháin:*** | |

| **3. Sonraí na Féile / na hÓcáide** | |
|---|---|
| ***Ainm na Féile / na hÓcáide:*** | |
| ***Dátaí don Fhéile / don Ócáid:*** | |
| ***An Áit / an Baile ina mbeidh an Fhéile / an Ócáid*** | |
| ***An Féile úr í seo, nó ceann atá ann cheana féin?*** | |
| ***Minicíocht na Féile / na hÓcáide:*** | |
| ***An Fhéile / an Ócáid ag feidhmiú ón bhliain:*** | |
| | |

| | |
|---|---|
| ***Ainm an Chomhlachta / na hEagraíochta in Úinéireacht:*** | |
| ***Seoladh Oifige an Féile / na hÓcáide:*** | |

**4. Féile / Ócáid**

**Cén chatagóir thíos is fearr a chuireann síos ar d'fhéile / d'ócáid (Ticeáil CEANN AMHÁIN)**

| | | |
|---|---|---|
| ***Ginearálta*** | *Litríocht* | |
| | *Stairiúil* | |
| | *Teaghlach* | |
| | *Cultúr Traidisiúnta* | |
| ***Ealaíona, Ceol agus Drámaíocht*** | *Ealaíona* | |
| | *Damhsa* | |
| | *Ceol* | |
| | *Drámaíocht* | |
| | *Scannán* | |
| | *Greann* | |
| ***Bia agus Deoch*** | | |
| ***Spóirt agus Imeachtaí amuigh faoin Spéir*** | *Siúlóireacht* | |
| | *Rith* | |
| | *Rothaíocht* | |
| | *Gníomhaíochtaí Uisce* | |
| | *Triatlán / Rás Eachtraíochta* | |
| | *Slatiascaireacht* | |
| | *Capaill* | |
| | *Galf* | |
| | *Mótorspórt* | |
| | *Spóirt Foirne* | |
| ***Gnó agus Oideachas*** | *Scoil Samhraidh* | |
| | *Comhdháil / Taispeántas* | |
| | *Seimineár – ar feadh lá amháin* | |
| | *Seimineár – níos faide ná lá amháin* | |

| **5. Cur síos ar an bhféile 2024 (200 focal ar a mhéad)** |
|---|
| |

| 6. | Buaicphointí Clár na Féile 2024 |
|---|---|
| | |

| 7. | Cur síos ar aon athruithe ar Chlár na Féile i 2024 ó féilti roimhe seo |
|---|---|
| | |

## Roinn 2: Margaíocht agus Cumas Digiteach

Is é is cuspóir leis an roinn seo go gcuirfidh tú sonraí maidir leis an straitéis mhargaíochta atá agat, agus nuair is cuí, gníomhachtú díolacháin. Má tá plean margaíochta ullmhaithe agat bheimis buíoch dá gcuifear cóip de sin ar fáil mar thacaíocht le d'iarratas ar mhaoiniú.

| **8. Cén dóigh a ndéanfaidh tú an fhéile nó an ócáid a chur chun cinn i measc turasóirí? Agus tú ag tabhairt freagra ar an cheist seo, ba chóir sonraí a thabhairt i dtaca le (a) na spriocmhargaí agus (b) cad chuige a roghnaíodh na gníomhaíochtaí seo. (200 focal ar a mhéad)** |
|---|
| |

Is é is cuspóir leis an cheist seo ná go dtabharfaidh tú sonraí faoi do chuid pleananna chun turasóirí a chur ar an eolas faoin fhéile nó faoin ócáid go digiteach, agus chun pobal gníomhach ar líne a thógáil.

| **9. Cad é mar a spreagfaidh gníomhaíochtaí idirlín na féile / na hócáide, go háirithe an suíomh idirlín, spéis agus suim i measc turasóirí? Nuair is féidir, ba chóir naisc a sholáthar chuig ábhar digiteach cuí. (200 focal ar a mhéad)** |
|---|
| |

| **10. Cén dóigh a n-úsáideann an fhéile nó an ócáid na meáin shóisialta le spéis agus suim a spreagadh i measc turasóirí? Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist le meáin shóisialta chuí ná Facebook, Twitter, YouTube, Instagram, Snapchat, Pinterest, TokTok agus ardáin eile. (200 focal ar a mhéad)** |
| --- |
| |

## Roinn 3: Mealladh & Comhoibriú

Is é cuspóir na rannóige seo tuiscint a thabhairt do Chomhairle Contae Dhún na nGall ar an gcaoi a dtarraingíonn d'fhéile/d'imeachtaí turasóirí chuig an gceantar agus comhoibríonn tú le pobail áitiúla agus le heagraíochtaí /comhpháirtithe eile chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht áitiúil agus cuairteoirí na féile/ na hócáide, lena n-áirítear méadú ar an am a chaitheann tú sa cheantar.

| **11. Cén chaoi a gcabhraíonn an fhéile nó an ócáid le siamsaíocht a chur ar fáil agus/nó turasóirí a tharraingt chuig an gceantar? Más ábhartha, b'fhéidir gur mhaith leat aird a tharraingt ar an gcaoi a dtaispeánann sé cultúr, oidhreacht nó tírdhreach an cheantair agus comhpháirtíochtaí le pobal, eagraíochtaí, líonraí etc. chun acmhainneacht na féile/ na hócáide a uasmhéadú (200 focal ar a mhéad)** |
| --- |
| |

## Roinn 4: Tionchar ar Thurasóireacht

Bainfear úsáid as na sonraí a chuirtear ar fáil sa chuid seo chun scála na féile/na hócáide a dheimhniú i dtéarmaí líon dóchúil na dturasóirí a bheidh ag freastal agus aon oícheanta leapa a thiocfaidh chun cinn.

| 12. **Deán cur síos ar do fhéile agus conas a bhfuil sé uathúil i do cheantar agus in Éireann (300 focal ar a mhéad)** |
|---|
| |

| 13. **Deán cur síos ar conas a dtagann an fhéile le Straitéis Turasóireachta an Chontae agus Branda Réigiúnacha Fáilte Éireann.** |
|---|
| |

| **14.** Deán cur síos ar Éispéireas Indíolta don: | |
|---|---|
| ○ **Turasóir Intíre** | ○ **Turasóir Idirnáisiúnta** |

## Tionchar na gCuairteoirí

| **15(a) Cuairteoirí Intíre*: Deán cur síos ar phróifíl lucht leanúna baile agus tabhair léargas ar conas a mheallann an féile an mhargadh sin** |
|---|
| |

| **15 (b) Cuairteoirí Idirnáisiúnta**: Deán cur síos ar phróifíl lucht leanúna** idirnáisiúnta **agus tabhair léargas ar conas a mheallann an féile an mhargadh sin** |
|---|
| |

## Roinn 5: An Mheitheal Oibre

Is é is cuspóir leis an roinn seo go gcuirfidh tú eolas ar fáil do Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir leis na daoine sin a bheas páirteach in ullmhú agus i gcur i bhfeidhm na féile / na hócáide.

| **16. Foireann agus Oibrithe** | |
|---|---|
| ***Líon na mBall ar an Choiste / ar an Bhord:*** | |
| ***Líon na mball ar Oibrithe Deonacha iad:*** | |
| ***Líon na nOibrithe Fostaithe Lánaimseartha:*** | |
| ***Líon na nOibrithe Fostaithe Páirtaimseartha:*** | |
| ***Cá mhéad oibrí deonach a bheas páirteach le linn phleanáil agus chur i bhfeidhm na féile nó na hócáide?*** | |
| ***Cad é an costas iomlán a bhí ar thuarastail don ócáid is déanaí a bhí agat?*** | |

| **17. Príomh-Oibrithe**<br>**Tabhair sonraí maidir le cúlra agus taithí na bpríomh-oibrithe nó na bpríomhchomhlachtaí a reáchtálann an fhéile / an ócáid.** | |
|---|---|
| **Ainm** | **Ról agus Taithí Ábhartha** |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## Roinn 6: Sonraí Airgeadais agus an Maoiniú atá á Lorg

Is é is cuspóir leis an roinn seo a oibriú amach cad é an fíorchostas a bhí i gceist leis an fhéile nó an ócáid a reáchtáil in 2023 nó don bhliain is déanaí agus an costas measta atá ann chun é a reáchtáil in 2024.

***Agus tú ag cur sonraí ar fáil:***

- *Cuir isteach fíorchaiteachas nó caiteachas le sonraisc, agus sin amháin.*
- *I gcás go bhfuil an t-iarratasóir in ann CBL a fháil ar ais, ba chóir costais a oibriú amach gan CBL in-aisghabhála san áireamh.*
- *Féach na treoracha le haghaidh eolas ar na costais sin atá incháilithe chun maoiniú a fháil ina leith.*
- *Má tá sé ar fáil, ba chóir an t-oibriú amach mionsonraithe, agus na meastacháin a rinneadh chun tacú leis na figiúirí atá tugtha thíos, a chur isteach leis an fhoirm seo.*

| **18. CAITEACHAS** | **Fíorchaiteachas 2023 nó don bhliain is déanaí** | **Caiteachas Measta 2024** |
|---|---|---|
| *Costais Mhargaíochta* | | |
| *Costais Forbartha* | | |
| *Costais i dtaca le Clár Imeachtaí a chur le chéile* | | |
| *Eile (tabhair sonraí)* | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **Caiteachas For-Iomlán** | | |

| **19. TEACHT ISTEACH** | **Fíor 2023 nó don bhliain is déanaí** | **Measta 2024** |
|---|---|---|
| *Teacht isteach gnóthaithe* | | |
| *Urraíocht (luaigh an maoinitheoir)* | | |
| *Deontais ó:* ***Tabhair eolas faoi gach foinse mhaoinithe eile atá faighte i dtaca leis an imeacht seo.*** | | |
| *Fáilte Éireann* | | |
| *An Comhairle Ealaíon* | | |
| *Údarás Áitiúil ( lena n-áirítear maoiniú DFI)* | | |
| *Leader / Comhlachtaí Forbartha Áitiúla* | | |
| *Údarás na Gaeltachta* | | |
| *Bord Scannán na hÉireann* | | |
| *An Chomhairle Oidhreachta* | | |
| *Cultúr Éireann* | | |
| *An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta* | | |
| *An Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt* | | |
| *Eile (tabhair sonraí)* | | |
| *Tiomsú Airgid / Tógáil Airgid* | | |
| *Iasachtaí* | | |
| *Eile (tabhair sonraí)* | | |
| *Teacht isteach iomlán* | | |

| **20. CAITEACHAS COMHCHINEÁIL / TEACHT ISTEACH COMHCHINEÁIL** Liostaigh an luach measta i dtaca le rudaí agus seirbhísí a cuireadh ar fáil, a chuirfear ar fáil, saor in aisce, e.g., lóistín, maoirseacht, fógraíocht, iompar etc. | **Fíormhéid 2023 nó don bhliain is déanaí** | **Measta 2024** |
|---|---|---|
| *Liosta de Chaiteachas Comhchineáil:* | | |
| ***Caiteachas Comhchineáil san iomlán*** | | |
| *Liosta de Theacht Isteach Comhchineáil:* | | |
| ***Teacht Isteach Comhchineáil san iomlán*** | | |

| **21. An méid maoiniú a tugadh daoibh le cúig bliana anuas** | |
|---|---|
| *Liostaigh foinsí maoinithe a fuarthas le cúig bliana anuas* | |
| **Iomlán** | **€** |

| **22. Straitéis i dtaca le hInbhuanaitheacht Airgeadais**<br><br>Tabhair sonraí faoin straitéis atá ann chun (a) maoiniú iomlán a mhéadú agus (b) foinsí eile maoinithe a mhéadú. |
|---|
| |

## 23. Glasaigh d'Fhéile

### PLEAN BAINISTÍOCHTA COMHSHAOIL & INBHUANAITHEACHT

**Bainistiú Dramhaíola:**

Ba chóir go mbeadh lucht eagraithe féilte agus imeachtaí ar an eolas faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996. Is é is cuspóir leis an acht seo ná creat dleathach a chur ar fáil lena chinntiú nach dtarlóidh tuailliú timpeallachta de bharr dramhaíl a choinneáil, a iompar, a athghabháil agus a dhiúscairt.

- Beidh ar gach coiste féile Plean um Bainistiú Dramhaíola a chur i bhfeidhm.
- Ba chóir do choistí teagmháil a dhéanamh le bailitheoir ceadaithe dramhaíola chun córas scartha dramhaíola a sholáthar le haghaidh Dramhaíl Ghinearálta, Athchúrscáil agus Dramhaíl Bhia, agus socruithe a dhéanamh chun freastail air sin uilig.
- Ba chóir do choistí daoine a cheapadh chun súil a choinneáil ar ghabhdáin agus a bheith i dteagmháil leo siúd atá ag freastal ar an fhéile maidir lena n-úsáid.
- Tá acmhainní curtha le chéile ag MyWaste a thig a úsáid fá choinne féilte chun cuidiú le scaradh dramhaíola, agus tá siad sin ar fáil ach iad a ordú ó www.mywaste.ie/business
- Ba chóir aird a thabhairt fosta do dhramhaíl a chosc, agus Ábhar Aon-Úsáide a laghdú, nuair is féidir.

**An tAcht um Thruailliú Bruscair 1997**

Tá tagairtí ar leith san Acht um Thruailliú Bruscair do bhainistiú dramhaíola ag féile agus ag imeachtaí. Ba chóir go dtabharfadh lucht eagraithe imeachtaí na hailt seo a leanas go háirithe a thabhairt faoi deara:

*Ionaid Shoghluaiste as a nDíoltar Bia (eg Feithiclí, Trucailí etc)*

Tá dualgas ar dhaoine a úsáideann ionaid shoghluaiste bhia (feithiclí, trucailí etc) le bia gasta nó deochanna a dhíol, nó ionaid eile amhail iad siúd a úsáidtear le táirgí feirme a dhíol, tá dualgas orthu boscaí bruscair oiriúnacha a sholáthar in aice leis an ionad díolacháin. Ní mó dóibh fosta aon bhruscar a tharlaíonn de bharr oibriú an ionaid, laistigh de 100m den ionad díolacháin s'acu, a ghlanadh suas.

*Ag coinneáil bruscair faoi smacht ag imeachtaí móra*

Ní mór dóibh siúd a bhfuil imeachtaí móra á reáchtáil nó á gcur chun cinn acu a chinntiú go bhfuil bearta smachtaithe bruscair i bhfeidhm ar an láthair agus insan limistéar thart air sin, le linn an imeachta agus ina dhiaidh.

**Bainistiú Bruscair:**

- Ba chóir do gach coiste féile a bheith ar an eolas faoin Acht um Thruailliú Bruscair 1997 agus caithfidh plean bainistithe bruscair a bheith i bhfeidhm acu.
- Ba chóir don phlean a thaispeáint go bhfuil soláthar breise ann i dtaca le boscaí bruscair, trealamh agus daoine leis an bhruscar a phiocadh suas, boscaí a fholmhú etc. Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh chun bruscar a scaradh lena athchúrsáil etc.

- Ba chóir do choistí a bheith ag úsáid bailitheoir ceadaithe dramhaíola le bruscar a bhailítear a dhiúscairt.
- Ba chóir láthair agus timpeallacht na bhféilte a fhágáil saor ó bhruscar.
-

**Gabh níos faide agus Glasaigh d'Fhéile**

Tá Treoracha 'Glasaigh d'Fhéile' agus acmhainní úsáideacha ar nós Cairteanna 'Glasaigh d'Fhéile', Cairt Ghnó agus Cairteanna Mangairí Stalla ar fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas

https://localprevention.ie/

https://localprevention.ie/resources/green-events/all/all/date/

Thig le coistí féile teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Timpeallachta ar 074 9153900 fá choinne tuilleadh eolas comhairleach.

Féach freisin an Rannóg Treoirlínte d'Fhéilte Inbhuanaithe Fháilte Éireann Fáilte Ireland Sustainable Festival Guidelines maidir le ''An Dúlra & Bithéagsúlacht' & sliocht thíos:

*"De réir na reachtaíochta, tá gníomhaíochtaí sonracha ann a mbeidh toiliú ag teastáil uathu má dhéantar iad ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) nó gar dó. Tugtar 'láithreáin Eorpacha' nó 'láithreáin Natura 2000' ar SACanna agus SPAanna le chéile. Is féidir leat liosta agus léarscáil de na láithreáin seo a fháil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) "* Search Results | National Parks & Wildlife Service (npws.ie)

| 24.An bhfuil aon phointe eile a ba mhaith leat a dhéanamh faoi d'iarratas? |
| --- |
| |

## Roinn 7: Dearbhuithe, Nochtuithe agus Sínithe

| | | |
|---|---|---|
| ***Na Treoracha a Thuigbheáil***<br>*Tá na teoracha agus na critéir maidir leis an Chlár Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta léite agam/againn, agus tuigim(id) iad, agus aontaím(id) cloí go huile is go hiomlán leo* | **Tá** ☐ | **Níl** ☐ |
| ***Próiseas Iomaíoch i dtaca le Deontais***<br>*Tuigim(id) gur próiseas iomaíoch le haghaidh deontais é an Clár Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta, agus tá a fhios agam/againn nach ionann na critéir is bunúsaí a chomhlíonadh agus aon chinnteacht go bhfaighfear deontas le haghaidh féile nó ócáid* | **Tuigim(id)** ☐ | **Ní thuigim(id)** ☐ |
| ***Cruinneas an Eolais a tugadh***<br>*Deimhním(id) go bhfuil ach eolas atá tugtha san iarratas seo, agus gach eolas atá tugtha in aon doiciméad atá curtha isteach mar thacaíocht leis an iarratas seo, go bhfuil sin fíor agus cruinn.* | **Deimhním(id)** ☐ | **Ní dheimhním(id** ☐ |
| ***Dualgais Dhlíthiúla***<br>*Tá gníomh déanta agam/againn lena chinntiú go bhfuil gach dualgas dlíthiúil i dtaca le cur i bhfeidhm na féile / na hócáide, ar a n-áirítear árachais chuí, go bhfuil sin sainithe agus go nglacfar i ngleic leis sula gcuirfear tús leis an fhéile/ócáid.* | **Tá** ☐ | **Níl** ☐ |
| ***Maidir leis an Timpeallacht***<br>*Tá céimeanna glactha agamsa/againne lena chinntiú go n-ullmhófar polasaí agus plean bainistithe timpeallachta don fhéile/ócáid/imeacht, a aithníonn agus a théann i ngleic le gach buaireamh agus gach ceist ó thaobh na timpeallachta de, ar a n-áirítear plean bainistithe dramhaíola agus plean bainistithe bruscair* | **Tá** ☐ | **Níl** ☐ |
| *Tá athbhreithniú déanta agam/againn ar liosta na láithreán Natura 2000 atá liostaithe ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (mar a mholtar faoi 8. Critéir Mheastóireachta) agus tá céimeanna glactha agam/againn lena chinntiú go bhfuil toilithe cuí comhshaoil i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéantar ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) nó gar dó* | **Tá** ☐ | **Níl** ☐ |
| ***Saoráil Faisnéise***<br>*Tuigim(id) impleachtaí na ndualgas atá ar Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014* | **Tuigim(id)** ☐ | **Ní thuigim(id)** ☐ |
| *Aontaím(id) nach bhfuil aon chuid den eolas atá tugtha leochaileach agus gur féidir aon phíosa eolais, nó gach cuid de, a scaoileadh i bhfreagra ar aon iarrtas ar Shaoráil Faisnéise.* | **Aontaím(id)** ☐ | **Níaontaím(id)** ☐ |

**Sínithe** ____________________

**Ainm:**
**(i mbloclitreacha)** ____________________

**Thar ceann: (ainm na heagraíochta)** ____________________

**Dáta** ____________________

| Seicliosta de na doiciméid atá le ceangal le d'iarratas má tá siad ar fáil (gach ceann le cur isteach trí ríomhphost) | |
|---|---|
| | *Cóip de phlean gnó, chomh maith le plean margaíochta más ann dó.* |
| | *Samplaí d'ábhar poiblíochta ó anuraidh (suas le 5 sampla ar a mhéad).* |
| | *Litreacha tacaíochta ó dhá ghnólacht turasóireachta sa cheantar, ag tabhairt eolais ar aon phacáistí nó tairiscint speisialta.* |
| | *Cóipeanna d'aon taighde ábhartha a rinneadh.* |
| | *Cóipeanna sínithe de na cuntais is déanaí / ioncam agus caiteachas is déanaí.* |